AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.3.2022
COM(2022) 121 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

ina ndéantar measúnú ar chur chun feidhme an chláir um cheartas 2014-2020 agus ar a bhfuil bainte amach leis

{SWD(2022) 64 final} - {SWD(2022) 69 final}

Déantar foráil sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le limistéar Eorpach saoirse, slándála agus ceartais a chruthú a bheidh bunaithe ar aitheantas frithpháirteach cinntí breithiúnacha agus ar mhuinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit. Laistigh den limistéar sin, tá saoirse gluaiseachta ag daoine agus is féidir leo brath ar an urraim do chearta bunúsacha, chomh maith le prionsabail chomhroinnte, amhail neamh-idirdhealú, comhionannas inscne, rochtain éifeachtach ar cheartas do chách, an smacht reachta agus córais bhreithiúnacha neamhspleácha dhea-fheidhmiúla.

Rinne an Chomhairle Eorpach na forálacha sin atá ceangailteach ó thaobh dlí i limistéar an cheartais, a leagtar síos sa Chonradh, a athdhearbhú i gclár Stócólm freisin.[1] Ceann de thosaíochtaí polaitiúla an Aontais is ea Eoraip ina bhfuil an dlí agus an ceartas i réim a bhaint amach agus tá clár um cheartas 2014-2020 ar cheann de na hionstraimí a chuidíonn leis an gcuspóir sin a bhaint amach.

Leagtar amach sa tuarascáil sin na torthaí a fuarthas go dtí seo i gclár ceartais 2014-2020 agus na gnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla dá chur chun feidhme, mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(2)(c) den rialachán lenar bunaíodh an clár um cheartas don tréimhse 2014-2020 ('an Rialachán').[2] Ní dhéantar measúnú sa tuarascáil ar thionchar fadtéarmach éifeachtaí an chláir ceartais ná ar inbhuanaitheacht éifeachtaí an chláir sin. Is é is cúis leis an teorannú sin go bhfuil thart ar 30 % de na tionscadail a chistítear faoin gclár um cheartas fós ar siúl. Is measa an scéal sin mar gheall ar phaindéim COVID-19, rud ba chúis le síneadh ama roinnt tionscadal

Ar na cúiseanna sin, agus d'fhonn meastóireacht fhóinteach a dhéanamh ar thorthaí agus ar thionchair fhadtéarmacha an chláir, déanfar an mheastóireacht *ex-post* ina dá chuid. Is é atá sa tuarascáil seo agus sna doiciméid tacaíochta a ghabhann léi an chéad chuid den mheastóireacht. Tá sé bunaithe ar na sonraí atá ar fáil faoi láthair, tugann sé forléargas ar an dáileadh cistiúcháin agus déantar measúnú ar a bhfuil bainte amach ag an gclár ceartais go dtí seo. Cé gur glacadh an clár nua um cheartas 2021-2027 cheana féin, bunaithe, i measc nithe eile, ar thorthaí na meastóireachta eatramhaí ar an gclár ceartais 2014-2020, beidh breisluach ag baint leis an gcéad chuid den mheastóireacht *ex-post* ar an gclár roimhe sin d'fhonn aird a thabhairt ar réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú sa chéim chur chun feidhme den chlár nua ceartais.

Déanfar an dara cuid den mheastóireacht ag céim níos déanaí, a luaithe a bheidh na sonraí deiridh go léir ar fáil agus i gcomhréir leis an meastóireacht eatramhach ar an gclár ceartais a thiocfaidh ina dhiaidh (2021-2027). Sa dara cuid, déanfar measúnú ar thionchair fhadtéarmacha agus ar inbhuanaitheacht éifeachtaí an chláir ceartais agus cuirfear moltaí ar fáil maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil nua tar éis 2027, de réir mar is iomchuí.

[1] IO C 115, 4.5.2010, lch. 1.
[2] Rialachán (AE) Uimh. 1382/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear Clár um Cheartas don tréimhse 2014 go 2020 (IO L 354, 28.12.2013, lch. 2013).

Tá an tuarascáil seo bunaithe ar thorthaí na meastóireachta a d'ullmhaigh an Coimisiún Eorpach[3] agus a bhfuil staidéar seachtrach mar thaca léi[4].

1. Réamhrá agus cúlra

Bunaíodh an clár um cheartas 2014-2020 le Rialachán (AE) Uimh. 1382/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Roimh 2014, leis na trí chlár aonair, eadhon an clár um cheartas coiriúil, an clár um cheartas sibhialta agus an clár um chosc agus faisnéis i leith drugaí, cumhdaíodh na réimsí téamacha céanna a dtugtar aghaidh orthu sa chlár um cheartas.

Is é is **cuspóir ginearálta** don Rialachán an méid seo a leanas a dhéanamh:

- rannchuidiú le forbairt bhreise a dhéanamh ar limistéar Eorpach ceartais atá bunaithe ar aitheantas frithpháirteach agus ar mhuinín fhrithpháirteach, go háirithe trí chomhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla a chur chun cinn.

Is iad **na cuspóirí sonracha** atá leis:

- an comhar breithiúnach a éascú agus tacú leis in ábhair shibhialta agus choiriúla;
- tacú le hoiliúint bhreithiúnach do ghairmithe (amhail breithiúna, ionchúisitheoirí, nótairí, foireann príosúin agus dlíodóirí) maidir leis an dlí sibhialta agus coiriúil, le cearta bunúsacha, le heitic bhreithiúnach agus leis an smacht reachta, lena n-áirítear oiliúint teanga maidir le téarmaíocht dlí, d'fhonn tacú le cultúr coiteann dlíthiúil agus breithiúnach;
- rochtain éifeachtach ar an gceartas do chách a éascú, lena n-áirítear cearta íospartaigh na coireachta agus cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla a chur chun cinn agus tacú leo;
- tionscnaimh i réimse an bheartais drugaí a chur chun cinn i ndáil le gnéithe den chomhar breithiúnach agus gnéithe de chosc na coireachta, a mhéad nach gcumhdaítear na tionscnaimh sin leis an gCiste Slándála Inmheánaí chun tacaíocht airgeadais a thabhairt do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac, agus do bhainistiú géarchéime nó tríd an gclár sláinte le haghaidh fáis.[5]

Is é an Coimisiún Eorpach a chuireann an clár chun feidhme trí bhainistíocht dhíreach.

Maidir le cumhdach geografach, tá an clár um cheartas oscailte do gach Ballstát seachas an Danmhairg agus an Ríocht Aontaithe[6]. Chomh maith le Ballstáit an Aontais, bhí Stáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar páirtithe iad sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tíortha

[3] Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an tuarascáil maidir leis an meastóireacht *ex-post* ar chur chun feidhme an chláir um Cheartas 2014-2020.

[4] Meastóireacht *ex post* ar an gclár um cheartas 2014-2020, *Fondazione Giacomo Brodolini Srl SB agus Ernst & Young*, Tuarascáil Deiridh, Lúnasa 2021.

[5] Tuilleadh eolais https://ec.europa.eu/home-affairs/financing/fundings/security-and-safeguarding-liberties/internal-security-fund-police_en and https://ec.europa.eu/health/funding/programme/2014-2020_en.

[6] Tá bunúis dlí ag an gclár um cheartas a bhaineann le Cuid V de Theideal III de CFAE. Dá bhrí sin, tá feidhm ag prótacail 21 agus 22 a ghabhann le CAE agus le CFAE agus ní raibh an Danmhairg ná an Ríocht Aontaithe páirteach sa chlár um cheartas riamh.

is iarrthóirí, iarrthóirí ionchasacha agus tíortha arna n-aontú don Aontas incháilithe páirt a ghlacadh sa chlár freisin, ar choinníoll gur thug siad comhaontú i gcrích leis an Aontas ina leagtar síos sonraí a rannpháirtíochta faoi seach sa chlár. Chuaigh an Albáin isteach sa chlár um cheartas in 2017 agus i Montainéagró ó bhí 2019 ann.

2. Príomhghnéithe agus cur chun feidhme an chláir

I gcomhréir le hAirteagal 6 den Rialachán, **maoiníonn an clár um cheartas raon leathan gníomhaíochtaí** amhail gníomhaíochtaí anailíseacha, foghlaim fhrithpháirteach, comhar, gníomhaíochtaí múscailte feasachta agus scaipthe feasachta, gníomhaíochtaí oiliúna agus gníomhaíochtaí chun tacú leis na príomhghníomhaithe, i.e. líonraí Eorpacha, eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha, arb údaráis neamhbhrabúsacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla iad de ghnáth i mBallstáit an Aontais, in eagraíochtaí na sochaí sibhialta; ollscoileanna, institiúidí taighde agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, a gcuireann a gcuid gníomhaíochtaí lena gcuspóirí sonracha.

Áirítear ar **na spriocghrúpaí** (grúpaí ar féidir leo tairbhe dhíreach a bhaint as gníomhaíochtaí na dtionscadal ceartais, nó go hindíreach as cur chun feidhme an chláir), gach duine san Aontas, ós rud é gurb é is aidhm don chlár limistéar Eorpach ceartais a chruthú ina bhfuil gach duine ar an eolas faoina gcearta agus inar féidir leo iad a fheidhmiú.

Mar a fhoráiltear sa Rialachán, úsáideann an clár deontais ghníomhaíochta, deontais oibriúcháin agus gníomhaíochtaí soláthair mar na príomhshásraí cistiúcháin chun tacú le tionscadail a bhaineann lena chuspóirí.

2.1. Cuspóirí sonracha an chláir

- ***Sainchuspóir 1: Comhar breithiúnach***

Tacaíonn an clár le gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le cur i bhfeidhm éifeachtach agus comhleanúnach *acquis* an Aontais a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla, trí bhailiú sonraí agus staidreamh maidir le cur i bhfeidhm *acquis* an Aontais a fhorbairt agus/nó a fheabhsú. Rannchuidíonn gníomhaíochtaí cistithe freisin le hionstraimí an Aontais agus cinntí breithiúnacha a fhorfheidhmiú, a eascraíonn go háirithe as díospóidí trasteorann. Ina theannta sin, maoiníonn an clár tionscadail a bhfuil sé d'aidhm acu feabhas a chur ar an malartú faisnéise i measc gairmithe d'fhonn comhar oibríochtúil agus muinín fhrithpháirteach san Aontas a fheabhsú.

- ***Cuspóir Sonrach 2: Oiliúint Bhreithiúnach***

Tacaíonn an clár le tionscadail a spreagann oiliúint gairmithe ceartais i ndlí an Aontais, lena n-áirítear oiliúint teanga ar théarmaíocht dlí d'fhonn tacú le cultúr coiteann dlí agus breithiúnach san Aontas. Is féidir le hoiliúint bhreithiúnach aghaidh a thabhairt ar inniúlachtaí 'ginearálta', amhail scileanna teanga agus téarmaíocht, chomh maith le gnéithe níos speisialaithe, amhail eolas ar dhlí an Aontais, comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla. D'fhéadfadh sé a bheith i bhfoirmeacha éagsúla amhail seimineáir, ríomhfhoghlaim, malartuithe gairmithe, treoracha dea-chleachtais a fhorbairt agus taithí a roinnt. Tacaíonn na gníomhaíochtaí sin, den chuid is mó, le hoiliúint do chomhaltaí den bhreithiúnacht agus den fhoireann bhreithiúnach, ach

cumhdaítear cleachtóirí eile ceartais a bhaineann leis na breithiúna leo freisin. Ar deireadh, cuirtear forbairt uirlisí do sholáthraithe oiliúna chun cinn freisin. Is é an sprioc dheiridh tacú le dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i gceart trí mhalartú dea-chleachtais agus trí líonrú.

- ***Cuspóir 3: Rochtain ar an gceartas***

Is é is aidhm do ghníomhaíochtaí arna maoiniú sa réimse seo leigheasanna éifeachtacha a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais nuair a bhristear dlí an Aontais, go háirithe i gcásanna ina bhfuil nósanna imeachta náisiúnta ródheacair lena n-úsáid ag saoránaigh. Go háirithe, cuirtear chun cinn leis an gclár úsáid cineálacha malartacha leigheasanna agus neamh-leigheasanna arna bhforbairt san Aontas, lenar féidir réiteach tapa, éifeachtúil agus neamhchostasach a chur ar fáil ar dhíospóidí, mar shampla iad siúd a fhaigheann tacaíocht ón tairseach r-cheartais. Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí a cistíodh dlúthchomhar a spreagadh idir údaráis náisiúnta agus comhlachtaí riaracháin, rud atá thar a bheith tábhachtach ó thaobh éifeachtacht cearta áirithe de chuid an Aontais.

- ***Cuspóir 4: Beartas coiscthe drugaí***

I réimse an bheartais maidir le drugaí a chosc, cuirtear chun cinn leis an gclár tionscnaimh lena ndírítear ar chomhar breithiúnach agus ar choireacht a chosc. Is iad na príomhthosaíochtaí cur i bhfeidhm praiticiúil an taighde a chur chun cinn a bhaineann le drugaí, tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara tábhachtacha, an bonn eolais a leathnú agus modhanna nuálacha a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar fheiniméan na substaintí sícighníomhacha nua.

2.2. Buiséad

Ba é **EUR 377 604 000** buiséad iomlán tosaigh an chláir do 2014-2020. De réir na gclár oibre bliantúil, beartaíodh EUR 333 971 000 ar an iomlán idir 2014 agus 2020.

Tugtar achoimre sna táblaí thíos ar dháileadh na pleanála buiséadaí in aghaidh na bliana agus thar chuspóirí sonracha.

Tábla 1 Buiséad beartaithe in aghaidh na bliana

Bliain airgeadais	Méid Beartaithe EUR	Athrú bliantúil %
2014	EUR 45 812 000	-
2015	EUR 48 051 000	4.9 %
2016	EUR 52 250 000	8.7 %
2017	EUR 52 631 000	0.7 %
2018	EUR 45 949 000	-12.7 %
2019	EUR 43 675 000	-4.9 %
2020	EUR 45 603 000	4,4 %

Iomlán	EUR 333 971 000	

Foinse: Cláir oibre bhliantúla 2014-2020

Tháinig méadú seasta suas go dtí 2017 ar an mbuiséad foriomlán, nuair a shroich sé buaicphointe EUR 52 631 000. Laghdaigh sé uaidh sin go dtí go sroicheann sé thart ar an leibhéal céanna le 2014. Tháinig laghdú ar an mbuiséad toisc gur leithdháileadh cistí an chláir um cheartas arís ar an Sásra um Chosaint Shibhialta (CPM – COM(2017)772) agus chun na hacmhainní airgeadais is gá a chur ar fáil do eu-LISA chun an Córas Eorpach um Thaifid Choiriúla a fhorbairt do náisiúnaigh tríú tíortha.

Tábla 2 Buiséad beartaithe le haghaidh gach cuspóra shonraigh 2014 -2020 (in EUR)

Cuspóir Sonrach	Deontas Gníomhaíochta	Deontais Oibriúcháin	Soláthar	Eile	Méid Beartaithe EUR	Sciar den iomlán
Comhar Breithiúnach	EUR 49 089 600	EUR 9 258 400	EUR 35 833 000	EUR 23 700 000	EUR 94 418 000	28.45 %
Rochtain ar an gCeartas	EUR 48 454 400	EUR 14 473 170	EUR 36 436 430	-	EUR 99 364 000	29.94 %
Oiliúint Bhreithiúnach	EUR 44 493 000	EUR 69 380 000	EUR 6 035 000	-	EUR 119 908 000	36.12 %
Drugaí	EUR 16 781 000	-	EUR 3 500 000	-	EUR 20 281 000	6.11 %
Iomlán	EUR 158 818 000	EUR 93 111 570	EUR 818 044 30	237 000	EUR 333 971 000	100 %

Foinse: cláir oibre bhliantúla 2014-2020

Léiríonn dáileadh na gcistí thar chuspóirí sonracha go bhfuair an cuspóir sonrach 'oiliúint bhreithiúnach' cuid mhór de na hacmhainní airgeadais atá ar fáil gach bliain. Mar thoradh air sin, comhlíonann an clár an leithdháileadh a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann le bunús dlí an chláir. Is colúin thábhachtacha den chlár um cheartas iad comhar breithiúnach agus rochtain ar cheartas freisin. Maidir leis an mbeartas chun drugaí a chosc, agus an sciar íseal den bhuiséad á mheas, ba cheart a chur san áireamh gurb é fócas na ngníomhaíochtaí sa réimse sin go príomha tionscnaimh a bhaineann le comhar breithiúnach agus cosc na coireachta a chomhlánú. Ina theannta sin, tá an-chomhchoibhneas ag an gcuspóir sonrach sin le hionstraimí eile de chuid an Aontais amhail an Ciste Slándála Inmheánaí nó an clár sláinte le haghaidh fáis.

2.3. Na hiarratais a fuarthas agus na tionscadail a roghnaíodh

Le linn na tréimhse a chumhdaítear faoi chláir oibre bhliantúla 2014-2020, seoladh 118 nglao ar thograí. **Cistíodh cuid mhór de na tionscadail faoin gcuspóir sonrach maidir le rochtain ar 'cheartas do chách'** (JACC).

Tugtar achoimre sna táblaí thíos ar leithdháileadh cistí agus ar dháileadh na gcineálacha gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme trí thionscadail.

Tábla3: Líon na dtionscadal arna gcistiú in aghaidh na bliana (Deontais Ghníomhaíochta (AG) agus Deontais Oibríochta (OG)

SOnna	*2014*	*2015*	*2016*	*2017*	*2018*	*2019*	*2020*	*IOMLÁN*
Comhar Breithiúnach	*28*	*16*	*29*	*29*	*25*	*16*	*19*	***162***
Oiliúint Bhreithiúnach	*40*	*33*	*28*	*32*	*22*	*12*	*14*	***181***
Rochtain ar an gCeartas	*37*	*32*	*32*	*30*	*25*	*22*	*16*	***194***
Drugaí	*7*	*6*	*5*	*5*	*4*	*5*	*-*	***32***
Iomlán.	***112***	***87***	***94***	***96***	***76***	***55***	***49***	***569***

Foinse: Faightear sonraí do 2014-2015 ón meastóireacht eatramhach ar an gclár um cheartas. Rinneadh na tionscadail a cistíodh le haghaidh 2016-2020 a aisghabháil ó bhunachar sonraí an tionscadail

Ar an iomlán, tháinig laghdú ar líon na dtionscadal a cistíodh le linn na tréimhse clársceidealaithe, a shroich an pointe is ísle in 2020 le 49 dtionscadal. Léirítear an laghdú sin go ginearálta sna cuspóirí sonracha, rud a léirigh laghdú foriomlán ar líon na dtionscadal a roghnaítear le haghaidh cistiú.

Maidir leis na cineálacha gníomhaíochtaí, a chuirtear chun feidhme trí dheontais ghníomhaíochta agus oibriúcháin, léirítear i bhFigiúr 1 thíos dáileadh na ngníomhaíochtaí le linn na tréimhse clársceidealaithe ar fad[7]. Bhí gníomhaíochtaí oiliúna agus gníomhaíochtaí anailíse agus faireacháin ina bpríomhchodanna de thionscadail a cistíodh.

[7]Breithníodh roinnt gníomhaíochtaí in aghaidh an tionscadail nuair a bhí an forléargas á chur le chéile.
Chun féachaint ar na cineálacha gníomhaíochtaí a cistíodh leis an gClár um Cheartas in 2014, 2015 agus 2016, féach an mheastóireacht eatramhach ar an gClár um Cheartas 2014-2020, Ernst & Young Financial-Business Advisors, tuarascáil deiridh, Aibreán 2018, lgh 71-72.

Figiúr1 Cineálacha gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag tionscadail (AGanna agus OGanna) a cistíodh leis an gclár um cheartas (2014-2020)



Ba shuntasach an sásra cistiúcháin é an soláthar le linn na tréimhse clársceidealaithe freisin. Leithdháileadh EUR 81,7 milliún san iomlán ar sholáthar sna cláir oibre bhliantúla 2014-2020. Leithdháileadh an sciar is mó den bhuiséad le haghaidh gníomhaíochtaí soláthair don chuspóir sonrach 'oiliúint bhreithiúnach' (36 %), agus ina dhiaidh sin 'rochtain ar an gceartas' (30 %).

Tábla 4 Líon na gconarthaí soláthair arna síniú in aghaidh na bliana

SOnna	*2014*	*2015*	*2016*	*2017*[8]	*2018*[9]	*2019*[10]	*2020*
JCOO	*32*	*36*	*22*	*26*	*40*	*24*	*21*
JTRA	*1*	*2*	*1*	*1*	*2*	-	-
JACC	*28*	*23*	*19*	*31*	*32*	*45*	*28*
JDRU	*2*	*1*	-	-	-	-	-
Iomlán	***63***	***62***	***42***	***58***	***74***	***69***	***49***

Ba iad na huirlisí teicneolaíochta faisnéise cumarsáide agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le TF na cineálacha gníomhaíochtaí soláthair is coitianta a fuarthas ar conradh (féach Figiúr 2) thar 2014-2020, agus foghlaim fhrithpháirteach ina dhiaidh sin.[11]

[8] I gcás 2017, ní raibh aon bhaint ag conradh soláthair amháin le cuspóir sonrach.
[9] I gcás 2018, ní raibh baint ag dhá chonradh soláthair le cuspóir sonrach.
[10] I gcás 2019, ní raibh baint ag dhá chonradh soláthair le cuspóir sonrach.
[11] Déantar an meán a ríomh thar na conarthaí soláthair arna soláthar ag DG JUST, atá, do 2014 agus 2016, níos ísle ná na huimhreacha a áirítear sa mheastóireacht eatramhach.

Figiúr2 Cineálacha gníomhaíochtaí soláthair (2014-2020)



Foinse: Anailís ar shonraí soláthair arna soláthar ag DG JUST.

2.4. Príomhthorthaí an chláir

Léiríodh gurb iomchuí córas na dtáscairí a tugadh isteach don clár um cheartas 2014-2020 **chun an méid ar baineadh amach leis a thomhas**.

Trí tháscaire traschláir amháin déantar dul chun cinn a thomhas i dtreo an chuspóra ghinearálta maidir le limistéar Eorpach ceartais a chruthú a bheidh bunaithe ar aitheantas frithpháirteach agus ar mhuinín fhrithpháirteach. Sainmhínítear an táscaire mar líon carnach na ngairmithe dlíthiúla a bhfuil oiliúint á fáil acu. Tá gníomhaíochtaí oiliúna breithiúnaí uile an Aontais san áireamh, ní hamháin iad sin tríd an gclár um cheartas. Tá an sprioc atá le baint amach faoi 2020 socraithe ag 700 000 cleachtóir dlí a fhaigheann oiliúint. Baineadh an sprioc sin amach i bhfad roimh ré, in 2017, agus cuireadh oiliúint ar 820 199 gcleachtóir dlí.

Go ginearálta, **léiríonn na táscairí na tosaíochtaí** do gach cuspóir sonrach **sa chlár** go hiomchuí, **agus tá siad intomhaiste maidir lena mbonnlíne. Léiríodh go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta i roinnt réimsí sa mheastóireacht a rinneadh**. Mar shampla, i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla, sháraigh líon na malartuithe faisnéise sa Chóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla a sprioc 2020 de 3 500 000 malartuithe in 2019. Maidir leis an gcuspóir sonrach 'rochtain ar an gceartas', baineadh amach cheana féin líon na n-amas ar an tairseach don r-cheartas agus líon na n-eagraíochtaí tacaíochta d'íospartaigh a bhfuil cumhdach náisiúnta acu nó chuathas thar an líon sin[12]. Bhí rath cosúil leis sin i réimse na hoiliúna breithiúnaí, inar baineadh amach sprioc shuaitheanta na straitéise oiliúna

[12]Ar an tairseach don r-Cheartas, cuirtear faisnéis ar fáil faoi chórais cheartais agus feabhsaítear agus éascaítear an rochtain ar cheartas ar fud an Aontais, in 23 theanga. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag an nasc seo a leanas: https://e-justice.europa.eu/home.

breithiúnaí Eorpaí 2011-2020[13], chun oiliúint a chur ar leath na gcleachtóirí dlí go léir (800 000) i ndlí an Aontais idir 2011 agus 2020, in 2017. Ina theannta sin, chuidigh an clár le baint amach sprioc fhoriomlán na straitéise oiliúna breithiúnaí, is é sin cistiú a fháil ón Aontas chun tacú le hoiliúint a chur ar 20 000 cleachtóir dlí ar a laghad in aghaidh na bliana. Faoi chuimsiú na straitéise oiliúna breithiúnaí, baineadh amach sprioc bhliantúil tosaigh an chláir um cheartas, is é sin 16 000 comhalta den bhreithiúnacht agus den fhoireann bhreithiúnach, in 2015 agus in 2017, mar gur tháinig laghdú ar líon na ndaoine a fuair oiliúint mar thoradh ar laghdú ina dhiaidh sin ar na cistí le haghaidh glaonna ar oiliúint bhreithiúnach.

Mar sin féin, **tá sé deacair roinnt de na táscairí a roghnaíodh a thomhas**. Cás samplach is ea an dara táscaire maidir le comhar breithiúnach, a shainmhínítear mar 'meánfhad an nós imeachta um thabhairt suas faoin mBarántas Gabhála Eorpach'. Is deacair an táscaire seo, nach raibh a sprioc bainte amach aici, a thomhas ós rud é go bhfuil tionchar ag fachtóirí seachtracha uirthi. Áirítear orthu sin, mar shampla, an leibhéal éagsúil a bhaineann le hionchorprú threoracha an Aontais ar an leibhéal náisiúnta, chomh maith le leibhéil éagsúla athchóirithe ar na córais bhreithiúnacha laistigh de na Ballstáit, a bhfuil tionchar suntasach acu ar leibhéal forfheidhmithe *acquis*[14] *an Aontais.* Sampla eile is ea na táscairí a bhaineann le beartas coiscthe drugaí. Níor shroich an dá tháscaire a spriocanna amach, líon na substaintí sícighníomhacha nua a ndearnadh taighde orthu agus líon na bhfadhb-úsáideoirí ópóidí a bhí ag fáil cóireáil drugaí. I gcodarsnacht leis na fachtóirí seachtracha a raibh tionchar acu ar an nós imeachta um thabhairt suas faoin mBarántas Gabhála Eorpach, bhí tionchar níos mó ag coinníollacha maicreacnamaíocha ar na táscairí a bhaineann le beartas coiscthe drugaí.

Mar thoradh air sin, mar gheall ar thionchar fachtóirí seachtracha, is deacair measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chuidigh an clár leis na spriocanna a leagadh síos le táscairí roghnaithe a bhaint amach.

Tá deis ann fós tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ós rud é nach bhfuil suirbhé aonfhoirmeach sástachta ann faoi láthair chun tuiscintí na rannpháirtithe, a ghlac páirt i ngníomhaíochtaí oiliúna, a léiriú. Chuir gach tionscadal a scéim mheastóireachta féin i bhfeidhm. Ó 2021 ar aghaidh, áfach, bailíonn an clár sonraí ó thairbhithe i ndáil le cáilíocht na ngníomhaíochtaí cistithe ar bhealach níos comhsheasmhaí.

2.5. Rannpháirtithe agus comhpháirtíochtaí

Tugtar le fios go láidir sna torthaí ón anailís go gcruthaítear comhpháirtíochtaí trasnáisiúnta rathúla leis an gclár um cheartas. Is cuid lárnach dá bhreisluach ar leith í gné thrasnáisiúnta an chláir, de réir na bhfreagraí ó Choiste an Chláir um Cheartas ó Bhallstáit an Aontais.

[13] COM(2011)551 final.
[14] Luaigh roinnt tionscadal na constaicí sin agus léiríodh iad freisin sna 'scórchártaí ceartais'.

De réir na dtairbhithe, bhí tionchar tairbheach ag comhpháirtíochtaí a forbraíodh trí dheontais oibriúcháin agus trí dheontais ghníomhaíochta faoin gclár um cheartas ar chumais a n-eagraíochtaí faoi seach. Tuairiscíonn tairbhithe go méadaíonn siad cumas a n-eagraíochta go substaintiúil trí thairbhe a bhaint as líonraí agus as éispéiris foghlama frithpháirtí a chistítear tríd an gclár. Is fíor-riachtanach na colúin iad deontais oibriúcháin lena gcuirtear cruthú agus cothabháil líonraí chun cinn, lena dtacaítear le gníomhaithe chun comhar breithiúnach, rochtain ar an gceartas agus oiliúint bhreithiúnach a fhorbairt. Tá deontais oibriúcháin thar a bheith tábhachtach toisc go dtugann siad deis do chomhpháirtithe creata a gcuid gníomhaíochtaí a phleanáil thar thréimhse ceithre bliana le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach.

Cé go rannchuidíonn líonraí le haistriú eolais agus le hacmhainneachtaí ar fud Bhallstáit an Aontais, is léir **nach raibh na Ballstáit rannpháirteach ar bhonn comhionann sa chlár um cheartas.** Maidir le **dáileadh geografach acmhainní**, bhí rannpháirtíocht sa chlár níos comhchruinnithe i roinnt Ballstát (e.g. an Iodáil, an Bheilg, an Spáinn, an Ghearmáin, an Ísiltír agus an Fhrainc) agus bhí éileamh níos lú, mar shampla, ó na Ballstáit a tháinig isteach san Aontas tar éis 2004, seachas an Bhulgáir agus an Rómáin. Is líonraí iad thart ar 22 % de na tairbhithe, sin na líonraí a bhunaítear san Iodáil nó sa Bheilg a dhéanann gníomhaíochtaí a chlúdaíonn formhór Bhallstáit an Aontais.

3. Torthaí na meastóireachta

Mar a léiríodh sa staidéar, tá ag éirí go maith leis an gclár um cheartas maidir lena chuspóirí sonracha, i dtéarmaí éifeachtachta, éifeachtúlachta, ábharthachta, comhsheasmhachta, comhlántachta, agus sineirgí, breisluach an Aontais, cothromais agus deiseanna simpliúcháin. Féadfar feabhas a chur ar chúrsaí, go háirithe, maidir le dáileadh geografach acmhainní an chláir.

3.1. Éifeachtacht

Maidir le héifeachtacht[15], dhearbhaigh an anailís reatha príomhthoradh na meastóireachta eatramhaí. Na gníomhaíochtaí arna gcistiú trí dheontais ghníomhaíochta, trí dheontais oibriúcháin agus trí sholáthar, **baineann siad na torthaí a bhfuiltear ag súil leo amach**. Is é sin le rá, úsáideadh an buiséad atá ar fáil chun **torthaí** a bhaint amach **atá ailínithe go maith le cuspóirí ginearálta agus sonracha an chláir**.

Cé go bhfuil **na táscairí clár-shonracha iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn chuspóirí an chláir,** d'fhéadfadh córas faireacháin an chláir atá ann faoi láthair leas a bhaint as cur chuige níos córasaí agus níos láidre maidir le bailiú sonraí. Thug an Coimisiún aghaidh ar an bhfadhb sin ina thogra as ar tháinig Rialachán 2021/693 lena gcuirtear bunús dlí ar fáil don gclár um cheartas 2021-2027. Mar thoradh air sin, ó 2021 ar aghaidh, tabharfaidh an clár um ceartas aghaidh ar an ngá atá le léargais níos doimhne a fháil faoi spriocghrúpaí, a sainaithníodh ina n-ábhar sa réimse a d'fhéadfaí a fheabhsú do chlár 2014-2020. Ina theannta sin,

[15] **Éifeachtacht**: cé acu a bhain an Clár um Cheartas a chuspóir ginearálta amach nó nár bhain, mar aon lena cheithre chuspóir shonracha, agus a mhéid ar baineadh amach iad, agus cé na fachtóirí a chuir leis an méid a baineadh amach.

ós rud é go bhfuil raon feidhme leathan ag an gclár, bíonn tionchar ag **fachtóirí inmheánacha agus seachtracha** ar a éifeachtacht. Is é paindéim COVID-19 an príomhfhachtóir seachtrach a luaigh tairbhithe in agallaimh, rud a d'fhág nár mhór do go leor tairbhithe cur chun feidhme a dtionscadail a athdhearadh nó a chur ar ceal. Mar sin féin, dálaí maicreacnamaíocha, géarchéim na ndídeanaithe agus trasuí dhlí an Aontais ag na Ballstáit, is fachtóirí seachtracha freisin iad sin a chuir isteach ar éifeachtacht an chláir um ceartas. Maidir le fachtóirí inmheánacha, is é an nós imeachta iarratais an réimse is suntasaí le haghaidh feabhais. Tugadh aird sa staidéar ar an ngá atá le tuilleadh treorach agus cúnaimh a chur ar fáil d'iarratasóirí, chomh maith leis na hábhair atá ann cheana. D'fhágfadh sé sin go mbeadh cothrom na Féinne níos córa ag na hiarratasóirí agus, ar an gcaoi sin, dhéanfaí líon na dtograí cáilíochta a leathnú. Dá réir sin, chuirfeadh sé sin le héifeachtacht an chláir.

3.2. Éifeachtúlacht

Rinneadh **dul chun cinn suntasach sa chlár freisin ó thaobh éifeachtúlacht an chláir i gcomparáid leis na cláir a tháinig roimhe**[16]. Dhearbhaigh **páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo arís agus arís eile éifeachtúlacht costais** an chláir. Chuir iarratasóirí agus tairbhithe araon i dtreis gur mó na costais réasúnta ard a bhaineann le togra a dhréachtú ná na sochair is airde fós a bhaineann le bheith rannpháirteach sa chlár. Tá an toradh sin i gcomhréir leis an aiseolas dearfach maidir le cuíchóiriú an phróisis iarratais. Mar sin féin, tá roinnt gnéithe ann freisin ar cuireadh tuairimí níos criticiúla in iúl ina leith. Mar shampla, luaigh iarratasóirí arís agus arís eile, in ainneoin feabhsuithe sofheicthe sa timthriall bainistíochta, go raibh deacrachtaí acu na ceanglais iarratais a chomhlíonadh san am a thug an Coimisiún Eorpach. Maidir leis an úsáid a bhaineann tairbhithe tionscadail as an mbuiséad atá ar fáil, tá tionchar diúltach fós ag an ngannchaiteachas ar leibhéal an tionscadail ar éifeachtúlacht an chláir.

3.3. Ábharthacht

Léiríodh san anailís go raibh **an chlár agus a ghníomhaíochtaí an-ábhartha ar fad**[17]. Thángthas ar an gconclúid san anailís go bhfuil **cuspóirí agus gníomhaíochtaí an tionscadail ábhartha do riachtanais na bpáirtithe leasmhara spriocdhírithe**. Os a choinne sin, tá **na grúpaí a ndírítear orthu** tríd an gclár **ábhartha chun cuspóirí sonracha na gclár a bhaint amach.** Is é sin an toradh ar struchtúr an chláir, struchtúr atá solúbtha go leor chun tosaíochtaí a oiriúnú agus a mhodhnú do riachtanais atá ag teacht chun cinn ar an láthair. Mar sin féin, sainaithníodh roinnt réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu. Áirítear orthu sin dul i dteagmháil ar bhealach níos córasaí agus níos oscailte le páirtithe leasmhara chun na gníomhaíochtaí agus na cuspóirí sonracha a leagtar amach sna cláir oibre bhliantúla a ailíniú ar bhealach níos fearr le riachtanais spriocghrúpaí an chláir. Is gá freisin leanúint de na hiarrachtaí rathúla atá á ndéanamh faoi láthair chun spriocghrúpa an

[16] **Éifeachtúlacht**: cé acu a bhí costais an chláir comhréireach nó nach raibh, agus a mhéid a bhí siad comhréireach, i bhfianaise na sochar a baineadh amach agus cé na paraiméadair/na fachtóirí a bhain leis na torthaí sin.

[17] **Ábharthacht**: cé acu a thugann an clár um cheartas aghaidh ar riachtanais agus ar fhadhbanna na spriocghrúpaí a sainaithníodh i measúnú tionchair 2011 agus i mbunús dlí an chláir (chomh maith le riachtanais nua a bhaineann le Limistéar Eorpach Ceartais a chruthú) nó nach dtugann, agus cé acu atá a chuspóirí fós ábhartha do riachtanais agus d'fhadhbanna na dtairbhithe nó nach bhfuil.

chláir a leathnú agus tuilleadh páirtithe leasmhara atá ábhartha don chlár a chur san áireamh. Go háirithe, d'fhéadfaí tacú ar bhonn níos gníomhaí le heagraíochtaí na sochaí sibhialta i réimse chearta na n-íospartach.

3.4. Comhleanúnachas, comhlántacht, sineirgí

Fuarthas amach san anailís reatha go bhfuil an clár an-chomhleanúnach ar fad agus an-chomhlántach ar fad le hionstraimí, cláir agus gníomhaíochtaí eile de chuid an Aontais. Chuir sí in iúl go láidir, go háirithe i gcás oiliúint bhreithiúnach, gur méadaíodh comhleanúnachas le tionscnaimh eile de chuid an Aontais de thoradh na cláir a tháinig roimhe a chumasc leis an gclár um cheartas. Is amhlaidh atá sé i gcás cuspóirí eile oiliúna, toisc gur lú an dóchúlacht go dtarlódh dúbailt. Deimhnítear leis an toradh sin na torthaí a leagadh amach sa mheastóireacht eatramhach. **Tá an chomhlántacht le tionscadail náisiúnta ard freisin.** Baineadh é sin amach trí dhearadh trasnáisiúnta na ngníomhaíochtaí a cistíodh faoin gclár um cheartas, rud a áirithíonn nach dtagann gníomhaíochtaí náisiúnta in ionad na ngníomhaíochtaí cistithe atá á cistiú faoin gclár um cheartas nó nach ndéanann siad macasamhlú ar na gníomhaíochtaí sin. Tá **an clár comhleanúnach freisin le hoibleagáidí idirnáisiúnta**, amhail clár oibre 2030 na Náisiún Aontaithe maidir le forbairt inbhuanaithe. Mar shampla, tá cuspóir na Náisiún Aontaithe maidir leis an tsíocháin agus leis an tslándáil a áirithiú nasctha le sochaithe atá cóir agus cuimsitheach a chruthú ina gcuirtear rochtain chothrom ar an gceartas, smacht reachta éifeachtach agus institiúidí breithiúnacha trédhearcacha éifeachtacha ar fáil.

Cuireann an clár freisin le comhchuibhiú an dlí phríobháidigh idirnáisiúnta trí bhallraíocht an Aontais a mhaoiniú i gComhdháil na Háige um an Dlí Príobháideach Idirnáisiúnta.

Mar sin féin, ós rud é go bhféadfadh forluí a bheith ann, ba cheart dlúthfhaireachán a dhéanamh air sin chun ardleibhéal comhlántachta a choinneáil.

Ar deireadh, tá sineirgí le tionscadail arna gcistiú ag tionscnaimh eile de chuid an Aontais sainaitheanta ag tairbhithe an chláir agus an leas is mó is féidir bainte amach acu astu, sineirgí amhail comhionannas ceart agus clár saoránach, agus tionscadail eile laistigh den chlár um cheartas chomh maith. Mar sin féin, is réimse feabhais é an malartú saineolais agus dea-chleachtas idir tairbhithe éagsúla. Dá bhrí sin, tá acmhainneacht neamhshaothraithe ann do thairbhithe leas a bhaint as na deiseanna líonraithe a chuirtear ar fáil leis an gclár um cheartas agus dul i mbun idirphlé le chéile.

3.5. Breisluach an Aontais Eorpaigh

Deimhnítear go hiomlán sa staidéar **breisluach ard** an chláir[18]. Go háirithe, is léir breisluach an Aontais trí thionscadail thrasnáisiúnta a chur chun cinn chun dul i ngleic le saincheisteanna trasteorann, go háirithe maidir le h**oiliúint agus malartuithe faisnéise.** Cruthaítear breisluach ard an Aontais freisin trí acmhainní airgeadais ríthábhachtacha a sholáthar chun gníomhaíochtaí a chistiú i bpríomhréimsí agus ní gá go bhfuil na príomhréimsí in áit tosaíochta ar chlár oibre na mBallstát aonair. Ina theannta sin, tá gá le gníomhaíochtaí comhpháirteacha ó na Ballstáit uile i gcás roinnt tionscadal (amhail malartuithe gairmithe) de réir a gcineáil. Dá bhrí sin, ní bheadh sé

[18] Breisluach an Aontais: a mhéid atá na héifeachtaí ó ghníomhaíocht an Aontais sa bhreis ar an luach arbh é an toradh is dócha a bheadh air idirghabháil an Aontais a theorannú tríd an gclár.

ar chumas na mBallstát as a gcuid gníomhaíochta aonair na torthaí céanna a bhaint amach ó thaobh méide agus raon feidhme de agus a bhainfí amach leis an gclár um cheartas. Tacaíonn na torthaí ó shuirbhé comhaltaí an Choiste den Clár um Cheartas leis an toradh sin, rud a léiríonn go gcreideann tromlach na gcomhaltaí nach bhféadfaí na gníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme tríd an gclár um cheartas a chur chun feidhme gan cistiú ón Aontas Eorpach.

I bhfianaise an mhéid sin, tá an chonclúid ón meastóireacht eatramhach ar an gclár fíor fós: **dá gcuirfí teorainn le hidirghabháil an Aontais bheadh éifeachtaí diúltacha** ar chumas foriomlán ghníomhaithe náisiúnta agus Eorpacha aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sna réimsí a chumhdaítear leis an gclár nó na cineálacha gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an gclár a chur chun feidhme.[19] Bheadh deacrachtaí suntasacha le tionscadail thrasnáisiúnta a fhorbairt mar gheall ar na hiarmhairtí ba dhóchúla a bheadh ann **dá laghdódh nó dá tarraingeodh siar an tAontas a rannpháirtíocht** tríd an gclár um ceartas. Bheadh comhleanúnachas laghdaithe ag gabháil leo sin ar fud na mBallstát ó thaobh thuiscint agus chur chun feidhme dhlí an Aontais de.

Bhainfeadh sé sin an bonn freisin ó chreataí nuálacha reachtacha a ghlacadh agus ó chineálacha cur chuige ceannródaíocha a thabhairt isteach chun dul i ngleic le riachtanais grúpaí leochaileacha agus chun uirlisí agus cleachtais nua a fhorbairt. Is é sin le rá, bheadh sé deacair cuspóirí a bhaint amach chun freagairt do straitéis uile-AE.

3.6. Cothromas

Ag féachaint do chothromas[20] an chláir, athdhearbhaíonn an mheastóireacht atá ann faoi láthair an toradh ón meastóireacht eatramhach nach ndéantar na hacmhainní agus an tacaíocht a chuirtear ar fáil tríd an gclár a dháileadh ar bhonn cothrom ar spriocghrúpaí éagsúla, ar Bhallstáit an Aontais agus ar chineálacha tairbhithe. Ar an macraileibhéal, tá neamhréir ann idir rátaí arda iarratas ó thíortha amhail an Bheilg, an Iodáil, an Spáinn, an Ghearmáin, an Ísiltír agus an Fhrainc agus rátaí iarratas réasúnta íseal ó thíortha amhail an Laitvia, an Pholainn, an Chróit, an tSlóvaic agus an Chipir. Dá bhrí sin, is tábhachtach an réimse feabhais é raon geografach feabhsaithe acmhainní ar fud na dtíortha rannpháirteacha.
Ar an méiseileibhéal, léiríodh san anailís gur éirigh **spriocghrúpaí an chláir níos ilghnéithí agus go bhfuil éagsúlacht níos leithne de ghairmithe ceartais san áireamh iontu**. Mar sin féin, mar a léirítear sa bhunús dlí don gclár um cheartas 2021-2027, beidh sé tábhachtach go mbeidh baint níos mó ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta le hidirghabhálacha a chistítear leis an gclár, idirghabhálacha a bhaineann le cur chun cinn chearta na n-íospartach. Baineann an toradh sin leis na rátaí ísle iarratas sna tíortha thuasluaite. D'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíocht bhreise de dhíth ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta ó thíortha atá faoi ghannionadaíocht toisc go bhféadfadh sé nach mbeadh an acmhainneacht is gá acu chun iarratas a chur isteach ar an gclár ceartais.
Ar an micrileibhéal, de thoradh sonraí faireacháin níos láidre agus níos córasaí d'fhéadfaí léargas níos doimhne a fháil ar chomhdhéanamh an spriocghrúpa. D'fhéadfaí é sin a éascú trí bhailiú sonraí, atá imdhealaithe *inter alia* de réir inscne, aoise agus stádas míchumais. Dá réir sin,

[19] Fuarthas sa toradh freisin de bharr aiseolas ó agallaimh a cuireadh ar chúigear tairbhithe.
[20] Cothromas: cé acu a dáileadh na hacmhainní atá ar fáil ar bhonn cothrom i measc tairbhithe i mBallstáit éagsúla leis an gClár um Cheartas nó nár daileadh, agus a mhéid a rinneadh amhlaidh, cé acu a cuireadh san áireamh riachtanais na spriocghrúpaí nó nár cuireadh, cé acu a cuireadh cuíchóiriú inscne, cearta an linbh agus cearta daoine faoi mhíchumas chun cinn nó nár cuireadh.

d'fhéadfadh an léargas a bailíodh ar leibhéal an tionscadail bheith mar bhonn eolais don chlársceidealú ar mhacraileibhéal chun tionchar an chistithe ar ghrúpa páirtithe leasmhara atá níos éagsúla fós a mhéadú. Baineann an toradh sin freisin le téamaí trasghearrthacha amhail comhionannas inscne, cearta leanaí agus cearta daoine faoi mhíchumas. Dá bhrí sin, dá mbeadh fáil ar shonraí níos láidre, d'aithneofaí réimsí níos éasca, réimsí nach ndéantar cearta na mban, na bhfear, na gcailíní agus na mbuachaillí agus daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn iontu chomh maith agus a d'fhéadfaí iad a chur chun cinn.
Tá cur chun cinn na dtosaíochtaí trasghearrthacha maidir le comhionannas inscne, cearta an linbh agus cearta daoine faoi mhíchumas an-suntasach don chlár um cheartas agus cumhdaítear é ina bhunús dlí. Go háirithe, déantar meastóireacht ar na prionsabail maidir leis an gcomhionannais inscne agus le cearta an linbh a chuíchóiriú le linn an phróisis, faoi réimse cháilíocht na dtograí. Cé go bhfuil na tosaíochtaí trasghearrthacha seo mar dhlúthchuid den chlár, is é an chonclúid atá ar an anailís go bhfuil deacrachtaí ag roinnt iarratasóirí leis na coincheapa sin a thuiscint. Mar thoradh air sin, ní hionann roinnt tionscadal a chistítear tríd an gclár agus a n-acmhainneacht maidir le comhionannas inscne, le cearta an linbh agus le cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn. Cé gur gá níos mó airde a thabhairt ar gach téama trasghearrthach, tá difríochtaí ann freisin maidir lena mhéid a thugann an clár aghaidh orthu ar leibhéal an tionscadail. Cé go dtugtar aird ar leith ar chomhionannas inscne agus ar chearta leanaí i dtionscadail chistithe, níl cearta daoine faoi mhíchumas mar dhlúthchuid de thionscadail. Dá bhrí sin, is gá sonraí níos fearr a bhailiú maidir le comhdhéanamh na spriocghrúpaí agus feasacht a mhúscailt i measc iarratasóirí ar théamaí trasghearrthacha amhail cuíchóiriú inscne, cearta leanaí agus cearta daoine faoi mhíchumas.

3.7. Raon feidhme an tsimpliúcháin

Maidir le raon feidhme an tsimpliúcháin[21], ba cheart a thabhairt faoi deara gur ghlac an Coimisiún Eorpach athruithe tábhachtacha chun an próiseas a athbhreithniú, dlús a chur leis agus a shimpliú le linn na tréimhse clársceidealaithe 2014-2020. Cé go **meastar gurb iomchuí an tsamhail bhainistíochta atá ann faoi láthair**, áfach, agus cé go bhfuil **fáilte dhearfach roimh na hathruithe ag tairbhithe an tionscadail**, tá roinnt saincheisteanna sainaitheanta ag tairbhithe agus d'fhéadfaí iad a fheabhsú a thuilleadh.

Áirítear ar raon feidhme an tsimpliúcháin an gá atá le nósanna imeachta tuairiscithe torthaí-bhunaithe agus cur i bhfeidhm níos simplí, uirlisí feabhsaithe faireacháin agus bainistíochta **chun faisnéis a bhailiú ar bhealach níos córasaí maidir le haschuir, torthaí agus spriocanna a baineadh amach,** chomh maith le cúnamh d'eagraíochtaí a bhfuil deacrachtaí acu oibriú i mBéarla amháin. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara go n-athraíonn an t-ualach agus an chastacht a mheastar a bheith ann i measc tairbhithe an tionscadail. Eagraíochtaí a bhfuil acmhainneacht níos mó acu agus a bhfuil níos mó taithí acu ar iarratais a chur isteach ar thionscadail, iad a chomhordú agus páirt a ghlacadh iontu, tuairiscíonn siad go bhfuil an staid i bhfad níos éasca agus níos rianúla dóibh ná eagraíochtaí níos lú agus iarratasóirí céaduaire.
Ar deireadh, in ainneoin feabhsuithe ar **na huirlisí faireacháin agus bainistíochta**, d'fhéadfaí

[21] **Raon feidhme an tsimpliúcháin**: cé acu a d'fhéadfaí bainistiú an chláir um cheartas a shimpliú a thuilleadh nó nach bhféadfaí , agus a mhéid a d'fhéadfaí sin a dhéanamh.

feabhas a chur ar chúrsaí fós, go háirithe maidir leis an tairseach iarratais a chur in oiriúint do na cineálacha tairbhithe a fhaigheann tacaíocht ón gclár nó tacaíocht a thabhairt d'iarratasóirí agus tairbhithe céaduaire an uirlis a sheoladh gan an baol go gcuirfí moill ar a gcuid gníomhaíochtaí.

4. Conclúidí agus an bealach chun cinn

Mar fhocal scoir, is ionstraim airgeadais ar leith é an clár um cheartas i réimse an cheartais agus na gceart san Eoraip. A bhuí lena dhearadh buanseasmhach is féidir leis freagairt do thurraingí seachtracha, amhail paindéim COVID-19 agus freagraí solúbtha a fháil ar riachtanais agus ar fhadhbanna atá ag teacht chun cinn. Deimhnítear sa tuarascáil seo, ar an gcéad chuid den mheastóireacht *ex-post* ar an gclár um cheartas 2014-2020, go bhfuil sé ag cur le luachanna an Aontais agus ag seasamh leo, amhail an smacht reachta, neamhspleáchas na mbreithiúna agus éifeachtacht an chórais ceartais. Leagtar béim sa tuarascáil freisin ar phríomhról an chláir maidir le tacú leis na Ballstáit córais cheartais níos éifeachtúla a bhaint amach. Go deimhin, léiríonn na hagallaimh a dhéantar le páirtithe leasmhara go soiléir a thábhachtaí atá an clár chun na críche sin dá dtagraítear sa téacs. Cé nach eol na hiarmhairtí fadtéarmacha, is féidir torthaí gearrthéarmacha a fheiceáil, mar shampla, maidir le malartú dea-chleachtas agus digitiú na gcóras ceartais. Léiríodh cheana féin gur tábhachtach an uirlis é clár 2014-2020 chun limistéar Eorpach ceartais a bhunú bunaithe ar aitheantas frithpháirteach agus ar mhuinín fhrithpháirteach, ach fós féin, tá réimsí ann fós le feabhas a chur ar chláir ceartais a bheidh ann amach anseo, mar a leagtar amach sa tuarascáil seo:

- uainiú an timthrialla iarratais a ailíniú níos dlúithe le riachtanais na bpáirtithe leasmhara;
- córas faireacháin níos fearr a chur chun feidhme chun faisnéis maidir le haschuir, torthaí agus spriocghrúpaí a bhailiú ar bhealach níos córasaí;
- gníomhaíochtaí spriocdhírithe lena n-áiritheofar leathadh geografach níos cothroime cistí ar fud na dtíortha rannpháirteacha;
- ar deireadh, dá ndéanfaí tuairisciú bunaithe ar thorthaí agus tionscnaimh thiomnaithe a chomhtháthú a thuilleadh chun an próiseas iarratais a éascú d'iarratasóirí, nach bhfuil an acmhainneacht, an saineolas ná an taithí acu faoi láthair tograí ar ard-cháilíocht a dhréachtú, lena n-áirítear d'fhonn tionscadail ghannchaiteachas a dhearadh, d'fhéadfaí rannchuidiú le cláir cheartais níos éifeachtaí, níos éifeachtúla, níos ábhartha, níos cothroime agus níos inrochtana amach anseo.

Agus na deiseanna sin á gcur san áireamh, tugadh aghaidh cheana féin sa chlár um cheartas mar atá ann faoi láthair in 2021 ar chuid de na pointí sainaitheanta, mar shampla, trí fhaireachán níos mionsonraithe a thabhairt ar shonraí tionscadail chun léargas níos fearr a thabhairt ar aschuir, ar thorthaí agus ar spriocghrúpaí na dtionscadal.